Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22
☎ +353 (0) 91 503100 🖷 +353 (0) 91 503101
✉ eolas@udaras.ie www.udaras.ie

8ú Eanáir 2024

aarhus@decc.gov.ie

A chara,

Is mian liom tagairt a dhéanamh don chomhairliúcháin phoiblí ar na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007-2018. Fáiltíonn Údarás na Gaeltachta roimh an deis a bheith páirteach i bpróiseas comhairliúcháin maidir leis na Rialacháin seo.

Chuige sin, cuirim chugat ár gcuid tuairimí agus moltaí ó thaobh na rialacháin thuasluaite. Tá sé léirithe ag Údarás na Gaeltachta le 40 bliain anuas go bhfuil ról rathúil aige i dtaca le forbairt teanga, eacnamaíochta agus sóisialta na Gaeltachta agus tá obair na heagraíochta fréamhaithe i saol eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta na gceantar sin. Tá cúraimí agus freagrachtaí straitéiseacha uathúla ar an eagraíocht as an nGaeltacht agus tá cur chuige comhtháite aige i leith forbairt na Gaeltachta. Lena chinntiú go mbeidh Gaeltacht rathúil inbhuanaithe ann níor chóir go mbreathnófaí ar an teanga, ar an eacnamaíocht, ar an bpobal agus ar an timpeallacht mar nithe atá scartha óna chéile.

*Ráiteas Misin agus Fís Údarás na Gaeltachta*

Is é ráiteas misin an Údaráis ná: *"Pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta a neartú agus a bhuanú le go mbeidh an Ghaeltacht mar réigiún den scoth ar chaighdeán domhanda."* Is í fís Údarás na Gaeltachta *"Pobal inbhuanaithe Gaeltachta a chothú ina mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga, le heacnamaíocht láidir ag baint úsáid inbhuanaithe as na hacmhainní go léir a bheidh ar fáil agus le caighdeán maireachtála den chéad scoth."* Déanann an tÚdarás gach iarracht na cuspóirí seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh

chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teangabhunaithe, pobail agus cultúrtha.

Tá breis eolais faoi obair an Údaráis le fáil ag www.udaras.ie

*Na hathruithe molta*

Aithníonn Údarás na Gaeltachta an tábhacht a bhaineann le deis a bheith ag an bpobal eolas a lorg faoin gcomhshaol i gcomhréir leis na Rialacháin atá déanta faoin AIE. Fáiltíonn muid roimh na hathruithe atá molta ar na Rialacháin agus go háirithe roimh an t-athrú maidir leis na treoirlínte atá luaite i Mír 5 (lth 12). Is ceart go mbeadh treoirlínte cuimsitheach agus cothrom le dáta ar fáil do chomhlachtaí poiblí chun cuidiú leo na dualgais reachtúla a chomhlíonadh.

## Moltaí

Molann muid go mbeidh na treoirlínte a chuirtear ar fáil soiléir maidir le próiseas agus amlínte a bhaineann le próiseáil iarratais agus athbhreithnithe faoi na Rialacháin seo. Is féidir le hiarratais a dhéantar faoi AIE cuid mhaith ama a thógáil ag braith ar an gcineál ábhar a lorgaítear. Molaimid go gcuirfí córas táillí i bhfeidhm d'iarratais a dhéantar faoin Rialachán seo ag teacht leis an bprionsabal céanna a fheidhmítear d'iarratais ar shaoráil faisnéise. Inár dtuairim mheáite is é ceann de na deacrachtaí is mó maidir leis an AIE ná, in amanna, go bhféadfadh go mbíonn daoine ag úsáid an AIE chun teacht timpeall ar tháillí ASF.

Táimid ag súil go mór le leanúint ag comhoibriú leis na geallsealbhóirí ar fad le cinntiú go bhfuil rochtain ag an phobal ar eolas ar an gcomhshaoil agus go bhfuil sé sin á chur ar fáil ar an mbealach is éifeachtúil.

Is mise le meas,

[redacted]

_________________________

[redacted]

Bainisteoir Gnóthaí Straitéiseacha